# Comhordaitheoir Tionscadal Staire SÍOCHÁIN IV

**(Conradh Sealadach)**

# Eolas d'Iarratasóirí

## Lúnasa, 2019

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarratasóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí ábhartha acu do phost mar Chomhordaitheoir Tionscadal Staire SÍOCHÁIN IV.

Tá sé beartaithe painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú óna líonfar folúntais ar bith a thiocfaidh aníos le linn thréimhse an phainéil.

## 2. Cúlra

**Tionscadal:** 'Macallaí Dheich mBliana na gCuimhneachán: Comóradh ar Stair Chomhroinnte Dhún na nGall 1912-1922'

Maoiníodh an tionscadal "Macallaí Dheich mBliana na gCuimhneachán: Comóradh ar Stair Chomhroinnte Dhún na nGall 1912-1922" trí phlean gníomhaíochta Síocháin IV do Dhún na nGall faoin téama Caidreamh Dearfach a Thógáil ag Leibhéal Áitiúil. Déanfaidh Seirbhísí Iarsmalainne agus Cartlainne de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall an tionscadal a sholáthar. Cuireann Plean Gníomhaíochta Síocháin IV i nDún na nGall le seachadadh Chlár Síocháin IV. Is clár é Clár SÍOCHÁIN IV atá maoinithe ag an AE agus é saindeartha le tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gceantar na teorann.
Déanann Comhlacht na gClár Speisialta AE Clár SÍOCHÁIN IV an AE a riar. Is féidir breis eolais ar chomhthéacs SÍOCHÁIN IV a fháil ar www.seupb.eu

Ní mór clár Macallaí Dheich mBliana na gCuimhneachán a fhorbairt agus a sholáthar i gcomhpháirt le pobail áitiúlal agus ar bhonn trasphobail agus bainfear feidhm as meáin amhail stair, na healaíona agus comhphlé d'fhonn meas agus tuiscint ar thraidisiúin éagsúla chultúrtha agus ar insintí agus dearcthaí éagsúla a chur chun cinn. Díreofar ar rannpháirtithe as grúpaí pobail agus bunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla ar fud Dhún na nGall le clár cuimhneacháin agus comórtha a chruthú a bheas bunaithe ar Dheich mBliana na gComórthaí Céid agus ar na blianta a tháinig ina ndiaidh.

Ar thorthaí an chláir, beidh ceardlanna agus taispeántais a léireofar i bpáirt le grúpaí áitiúla staire/oidhreachta; ceardlanna agus taispeántais a éascófar agus a léireofar i bpáirt le páistí agus daoine óga; agus comhdháil.

## 3. Dualgais

Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de dhualgais:

- Ceardlanna a fhorbairt agus a sholáthar ar théama Dheich mBliana na gComórthaí Céid in éineacht le líon saindírithe de ghrúpaí áitiúla staire agus oidhreachta i ngach ceantar bardasach;
- Ceardlanna a fhorbairt agus a sholáthar ar théama Dheich mBliana na gComórthaí Céid in éineacht le líon saindírithe de pháistí agus daoine óga i ngach ceantar bardasach;
- Taispeántais a chomhléiriú leis na grúpaí thuasluaite i ngach ceantar bardasach;
- Seachadadh ceardlanna digitithe a chomhordú i ngach ceantar bardasach;
- Agallaimh a chomhordú le 25 duine aonair ar théamaí an tionscadail;
- Comhdháil a eagrú a bheadh le reáchtáil roimh dheireadh an tionscadail;
- Tuairiscí scríofa ar an obair a chur isteach lena gcuimsiú in éilimh agus i dtuairiscí chuig an cheannasaí tionscadail;
- A chinntiú go ndéantar gach agus aon soláthar i gcomhréir le riachtanais na maoinitheoirí tionscadail.

## 4. Cáilíochtaí

### (a) Carachtar

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

### (b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.
**(*Tabhair faoi deara -** Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh cheapadh.)

**(c) Oideachas, Taithí**

Ar an dáta is deireanaí faoinar gá foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh, bheadh sé inmhianta go mbeadh an méid seo a leanas déanta ag iarrthóirí:

- Cáilíocht aitheanta tríú leibhéal a bheith acu (Leibhéal 7 ar a laghad sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i réimse a bhaineann le stair/oidhreacht ;
- Dhá bhliain, ar a laghad, de thaithí iarchéime a bheith acu ag obair le daoine óga agus/nó grúpaí pobail;
- Scileanna maithe pleanála agus eagrúcháin a bheith acu.

**(d) Scileanna Riachtanacha**

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann a léiriú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí seo a leanas acu:

- Smaointeoireacht Anailíseach agus Uimhearthacht
- Sárscileanna TF
- Scileanna láidre Obair Foirne agus Cumarsáide
- Sárscileanna Scríofa Tuairiscí
- Tionscnaíocht agus Treallús Cruthaithe
- Scileanna maithe cinnteoireachta a bheith acu

**(e) Riachtanais inmhianaithe**

Tá méid seo a leanas inmhianaithe ach níl sé riachtanach:

- Cáilíocht iarchéime i réimse a bhaineann le stair/oidhreacht;
- Taithí roimhe seo ag obair ar thionscadal SÍOCHÁIN nó tionscadail eile ar mhaoinigh an tAE iad;
- Scileanna cruthaithe bainistithe airgeadais.

## 5. Sonraí an Phoist

### (a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post sealadach Comhordaitheoir Tionscadal Staire SÍOCHÁIN IV as a líonfaidh sé aon fholúntais shealadacha a thiocfadh chun cinn.

### (b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle.

### (c) Luach Saothair

Is ionann an páscála náisiúnta bliantúil reatha agus: íosmhéid de €27,567 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €44,771. (LSI 2) (de réir ciorclán EL 04/2018).

(analógach chun críche tuarastail amháin le hOifigeach Foirne Cúnta).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (d) Bunáit

Beidh an post lonnaithe i dTeach an Chontae, Leifear.

**D'fhéadfadh sé** go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Chomhordaitheora Tionscadal Staire SÍOCHÁIN IV, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

### (e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

### (f) Uaireanta Oibre

Is ionann na gnáthuaireanta oibre agus 37 uair an chloig sa tseachtain. Coinníonn an Chomhairle an ceart acu féin na huaireanta oibre a choigeartú ó am go ham.

**(g) Riachtanas Tiomána**

Beidh ar Iarratasóirí:

a. Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
**b.** A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha

## 6. Próiseas Earcaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

### B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar ghеall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

### *C.* Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

### D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

### E. Eile

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

### F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.